# Cogadh san Iaráin

Eochairfhocail: ionsaithe, cogadh, roicéid, bunáit

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1. Ainmnigh an dá thír a d'ionsaigh an Iaráin ag an deireadh seachtaine.
2. Cén fáth dar leis an Uachtarán Trump ar ionsaigh Meiriceá agus Iosrael an Iaráin?
3. Cén fhad a bhí Ali Khamenei i gceannas na hIaráine?
4. Cad a rinne an Iaráin mar fhreagra ar na hionsaithe a rinneadh uirthi?

**An féidir leat anois an phoncaíocht sna habairtí seo a leanas a cheartú?**

- Tá cogadh ar siúl le seachtain anuas sa Mheánoirthear
- Tá an Meánoirthear na mílte míle ó Eirinn a dúirt ár múinteoir linn inné.
- Cathain a thiocfaidh deireadh leis an gcogadh seo a d'fhiafraigh Seán dár múinteoir.
- Ní fios a dúirt ár múinteoir leis ach ná bígí róbhuartha faoi.

# Na Freagraí

1. Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Iosrael
2. Bhí siad ag iarraidh stop a chur le forbairt arm núicleach sa tír sin
3. 36 bliain
4. Rinne siad ionsaithe roicéad ar Iosrael agus ar thíortha eile sa Mheánoirthear a bhfuil bunáit de chuid Arm Mheiriceá iontu

- Tá cogadh ar siúl le seachtain anuas sa Mheánoirthear.
- 'Tá an Meánoirthear na mílte míle ó Eirinn' a dúirt ár múinteoir linn inné.
- 'Cathain a thiocfaidh deireadh leis an gcogadh seo' a d'fhiafraigh Seán dár múinteoir.
- 'Ní fios' a dúirt ár múinteoir leis, 'ach ná bígí róbhuartha faoi'.

